

Polasaí : Bia Folláin

Sonraí Scoile:

Ainm na Scoile: Gaelscoil Uí Drisceoil
Seoladh: Dúncitil,
Gleann Maghair
Co. Chorcaí

Uimhir gutháin: 0214822482
Ríomhphoist: gaelscoiluidrisceoil@gmail.com
Suíomh na Scoile: www.gaelscoiluidrisceoil.com

Catagóir: Gaelscoil Uilchreidmheach
8 oide

Uimhreacha ar rolla: 163

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile ar an Meitheamh 2009
Ar an gcoiste a chur le chéile é, bhí múinteoirí, baill den mBord
Bainistíochta, agus tuismitheoirí.

Réasúnaíocht

Athnaíonn an scoil go gcothaíonn sláinte an t-oideachas agus gur féidir le oideachas feabhas a chur ar chúrsaí sláinte.
Caitheann páistí an t-uafas ama go laethúil i dtimpeallacht na scoile agus dá bharr santá tionchar nach beag ag an scoil is ag timpeallacht na scoile orthu.
Ar an mbonn sin i gcomhthéasc dea-chleachtas bia fholláin is mian le Gaelscoil Uí Drisceoil éiteas scoile a chothú a thabharfaidh tacaíocht do shláinte agus bia folláin idir mic léinn.

Fealsúnacht na Scoile

Is Gaelscoil Uilchreideamhach í Gaelscoil Uí Drisceoil, agus is é seo éiteas na scoile

- **Gaelscoil** - scoil ina múintear gach ábhar trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil taitneamhach. Bíonn an Ghaeilge mar theanga phobail sa scoil idir páistí, múinteoirí agus an lucht

bhainistíochta

- **Ilchreidmheach** - i.e. tá na cearta céanna iontrála ag gach leanbh, agus meas céanna ar a gcúrla sóisialta, cultúrtha, is religiúnda.
- **Comhoideachasúil** agus tiomanta chun leanaí a spreagadh lena réimse iomlán de chumais is deiseanna a iniúchadh
- **Leanbhlárnach** i gcur chuige an oideachais
- **Daonlathach** ina eagrú is ina reachtáil, le tuistí gníomhach ins an scoil gach lá, fós ag dearbhú agus ag aithint ról proifisiúnta na múinteoirí.
- Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta sásta aon mhí- chinnteacht i leith an Pholasaí seo a shoiléiriú. Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht go beacht lena chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh tosaíocht.

Ábhar an Pholasaí

Bunaithe ar na torthaí, seo polasaí na scoile.

1. Ag cur san áireamh gur féidir le h'oideachas tacaíocht a thabhairt do shláinte, déanfaidh Gaelscoil Uí Drisceoil iarracht éiteas a chothú sa scoil a dheineann dea-chleachtas ithe a fhorbairt idir pháistí/mic léinn, tuismitheoirí, cuairteoirí is pobal an cheantar.

2. Ionas go mbeidh aiste bia cothrom ag an mic léinn ba chóir gombadh na nithe seo a leanas ins na boscaí lóin

- Bia amháin ó bhun an phiramid bia (carbaihiodráit)
- Bia amháin ón runga déiríochta/bainne
- Bia amháin ón runga feola/próitéin

Braithfidh an bhia ar an bpáiste féin

3. Uisce/bainne na deochanna is fearr do pháistí

4. Ní ceadaítear do pháistí lón a roinnt

5. Tá cosc ar na nithe seo, deochanna anamúla, criospaí, guma coganta, milseáin is seacláid ach amháin ar ócáidí speisialta agus

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

eachtraí speisialta scoile a eagraítear ar nós – Cóisir na Samhna, Cóisir na Nollag, Cóisir na Cásca agus an turas scoile.

6. Tugtar abhaile an brúscar lón go léir

7. Tá sé de dhualgas ar an mbord bainistíochta, foireann na scoile, páistí is tuistí tacaíocht a thabhairt don bpolasaí seo.

Beidh baill uile na scoile ar an eolas maidir leis an bpolasaí seo is gach ball nua a thiochfaidh isteach sa scoil.

Polasaí :

Rinneadh suirbhé ar 35 bosca lóin sa scoil bhliain 2008/9 chun tuiscint agus léiriú a fháil ar na nósanna atá sa scoil faoi láthair, conas nósanna dearfacha a chothú agus

droch nósanna a sheacaint. Thug an suirbhé deis dos na tuismitheoirí ionchur a bheith acu sa pholasaí.

Na torthaí:

Bhí na torthaí an- dearfach.

1) Tugann gach páiste deoch ar scoil leo nó faigheann siad bainne ar scoil. Nadeochanna is coitianta ná bainne nó uisce

2) Bíonn ceapaire ag 95% do pháistí (nó rollóg, pasta, pitta srl). Na ceapairí iscoitianta ná feoil nó cáis.

3) Bhí torthaí ag 98% do pháistí

4) Bíonn rudaí milis ar nós brioscaí, cáca, barra seacláide, barra gránach, cácaí rís seacláide ag 50% do pháistí

5) Bíonn táirgí déiríochta ag an tromlach, íogairt, fromage frais nó deochanna íogairt (Nó bhí bainne nó cáis acu)

6) Baineann na páistí taitneamh as a bheith ag “ithe le chéile” agus as ag caint le chéile

7) Theastaigh uathu go mbeadh níos mó ama acu ag am lóin chun ithe/súgradh

Seo iad na tuairimí a bhí ag na tuismitheoirí agus an fhoireann scoile.

1) aiste bia éagsúil agus sláintiúil a thabhairt do na páistí chun nósanna deachleachas ithe a fhorbairt

2) Ní chóir bia a roinnt lena chéile (ailléirgí srl)

3) Ba chóir dos na leanaí a bheith suite ag am lóin

4) Ba chóir cloí leis na hammanta lóin atá leagtha síos ag an Roinn Oideachas agus Eolaíochta

5) Ba chóir go mbeadh na boscaí, an pacáistiú easca le hoscailt

6) Úsáidtear duaiseanna neamh-ite sa seomra ranga

Bhí na moltaí seo a leanas ag foireann na scoile maidir le sláinte agus sábháilte

Gaelscoil Uí Drisceoil, Dúncitil, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

- 1) Má tá deochanna íogairt sa bhosca lóin, ba chóir a chinntiú go bhfuil sop ann freisin ionas gur féidir an sop a chur tríd an scragall stáin chun doirteadh deochanna a laghdú
- 2) Bí cinnte go bhfuil spúnóg sa bhosca lóin má tá íogairt, fromage frais (petit filous srl)

Daingainiú agus Cumarsáid

Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhar le tuismitheoirí, foireann mhúinteoireachta agus Bord Bainistíochta Gaelscoil Uí Drisceoil agus glacadh leis ina dhiaidh sin ag cruinniú an Bhoird:

Sínithe _____ Cathaoirleach

Comhsínithe _____ Rúnaí

Dáta: _____

Athbhreithniú

Déanadh athiniúchadh ar an bpolasaí seo í Meitheamh 2011. Déanfar athiniúchadh ar an bpolasaí arís i Meitheamh 2014.

Sínithe: _____ Cathaoirleach

Comhsínithe: _____ Rúnaí

Dáta: _____

Breis Eolais: Tabhair faoi deara go bhfuil polasaithe uile na scoile ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile:

